# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

**23 Feabhra 2023** || Eagrán 135

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh agus deis a thabhairt daoibh bheith páirteach i *Scéal, Scéal, Scéal...* Tá fáilte 's fiche romhaibh altanna, scéalta, filíocht nó léirmheas fiú a réiteach agus a sheoladh chugainn don nuachtlitir, chuile sheachtain! Chomh maith le sin, cuireann muid fáilte roimh chomhfhreagras ón bpobal maidir le bealaí ar bith gur féidir linn cúnamh nó tacaíocht a thabhairt daoibh. Is féidir teacht orainn in Inis Fáil, sa Spidéal (trasna ón séipéal) nó ag 083 010 6294 nó optchoisfharraige@gmail.com**



# COLÁISTE CHOLMCILLE AG IARNRÓD ÉIREANN

D’fhág scoláirí na dara bliana Coláiste Cholmcille an scoil go moch maidin Dé Céadaoin agus thaistil siad ar an traein go Baile Átha Cliath. Chaith siad an lá ar láithreán oibre Iarnród Éireann in Inse Chór mar chuid den tionscadal scoile “Saol na hOibre”. Fuair na scoláirí blaiseadh den obair a bhíonn ar siúl i rannóga éagsúla an chomhlachta. Tugadh an deis dóibh labhairt le printísigh atá i mbun printíseachtaí faoi láthair. Turas thar a bheith fiúntach agus taitneamhach a bhí ann.







# COMÓRTAS LITEARTHA AN OIREACHTAIS 2023

Tá an tOireachtas ag glacadh anois le hiarratais do Chomórtais Liteartha an Oireachtais 2023. Tá tríocha haon (31) comórtas ar chlár na bliana seo – cúig déag (15) acu sin dírithe ar scríbhneoirí fásta agus sé déag (16) dírithe ar scríbhneoirí óga. Tá réimse leathan seánraí ar an siollabas comórtais: úrscéal; gearrscéal; ficsean d'fhoghlaimeoirí fásta; prós; filíocht; iriseoireacht; greannán; agus drámaíocht ina measc. Cuirfear duaischiste ar fáil do gach comórtas agus níos tábhachtaí fós, cuirfidh an painéal moltóirí aiseolas luachmhar ar fáil do na scríbhneoirí ar a gcuid saothar – aiseolas a chabhróidh le forbairt, bláthú agus scileanna scríbhneoireachta na scríbhneoirí. Is féidir iarratas a chur isteach ar líne ag an nasc seo: www.antoireachtas.ie nó is féidir cóip den fhoirm iarratais a fháil ó Oifig an Oireachtais agus í a sheoladh chuig: Comórtais Liteartha an Oireachtais 2023, Casla, Conamara, Co. na Gaillimhe, H91 XP6E. Glacfar le hiarratais go dtí Dé Sathairn 1 Iúil 2023.



# SÉASÚR NUA AG STIÚIDEO CUAN

**Tá sraith nua de choirmeacha ceoil den scoth, darbh ainm Féasta Ceoil an Spidéil 2023 fógartha ag Stiúideo Cuan. Cuirfear tús leis an sraith nua ar an Aoine 24ú Feabhra le Téada. Is iomaí aoí iontach a bheas ann idir seo agus mí Bealtaine, le Líadan, Na Casadaigh agus Altan san áireamh, chomh maith le Paddy Keenan thar dhá oíche thart ar aimsir na Féile Pádraig. Le ticéad, nó ticéid a chur in áirithe is féidir teagmháil a dhéanamh leis an bhfoireann ag Stiúideo Cuan ach teagmháil a dhéanamh leo ag oifig@studiocuan.ie nó ar 091 553 838 Ní mór teagmháil a dhéanamh go luath le d'áit a dheimhniú!**



# FOLÚNTAS AG AN GCRÚISCÍN LÁN


Tá An Crúiscín Lán sa tóir ar; chúntóir cócaire, freastalaí agus freastalaithe chomh maith le póirtéir cistine le bheith mar bhaill dá bhfoireann. Tá postanna lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil. Le suim a léiriú is féidir teagmháil a dhéanamh le ancruiscinlanhotel@gmail.com



# GARRAÍODÓIREACHT SAN EARRACH

Tá físeán nua foilsithe ag Gaeloideachas, mar chuid den sraith 'Déan Comhrá'. Tugann an físeán cúnamh agus treoir do ghasúir agus do thuismitheoirí ag foghlaim, dírithe ar fhoclóir na garraíodóireachta, le pictiúir tarraingteacha.




Sa bhfíseán, feictear na pictiúir ar dtús, le deis a thabhairt don éisteoir triail a bhaint as an bhfocal a rá os ard. Ansin cloistear cainteoir dúchais, ag déanamh athrá ar an bhfocal, sula bhfaigheann an éisteoir deis eile an focal a rá. Is féidir teacht ar an bhfíseán ar chuntas YouTube: Gaeloideachas. Tá an tsraith iomlán 'Déan Comhrá' ar an gcuntas YouTube chomh maith le leabhrán speisialta a théann leis, arbh fhéidir a íoslódáil.

# FOLÚNTAS: AN CHOMHAIRLE EALAÍON

Tá post mar Cheann Ealaíona na Gaeilge ar fáil faoi láthair leis An gComhairle Ealaíon. Ról nua atá ann a chuimsíonn dhá réimse freagrachta; ceann litríocht na Gaeilge agus ceann gnóthaí Gaeilge - a chuimsíonn ealaíona Gaeilge, iarratais Ghaeilge ar scéimeanna agus gaol le gníomhaireachtaí ábhartha. Féadfaidh na róil seo a chur le chéile nó dhá phost a thairiscint, ag braith ar na hiarrthóirí. Glacfar le hiarratais go dtí meán lae ar an Luan 6/3. Is féidir níos mó eolais a fháil ar shuíomh idirlín na heagraíochta.

# OIFIGEACH FORBARTHA SNA hEALAÍONA DON ÓIGE

Tá Oifigeach Forbartha sna hEalaíona don Óige á lorg ag Ealaín na Gaeltachta Teo, ar chonradh 2 bhliain. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine le saineolas i gcúrsaí forbartha agus oiliúna i réimse na n-ealaíon don óige, le líofacht Gaeilge labhartha agus cruinneas na Gaeilge scríofa chomh maith le taithí a bheith ag obair le daoine óga agus tuiscint ar a gcuid riachtanas. Tá sé tábhachtach freisin go mbeadh eolas ag iarrthóirí ar pholasaithe agus dea-chleachtais obair óige, agus ar chomhthéacs agus ar pholasaithe do na healaíona in Éirinn. Beidh an conradh ar feadh tréimhse dhá bhliain agus íocfar scála tuarastail ag brath ar cháilíochtaí agus taithí. Beidh taistil i gceist leis an phost, mar sin ní mór d'iarratasóirí ceadúnas tiomána oiriúnach a bheith acu. Le cur isteach ar an bpost, is féidir iarratas agus CV a sheoladh chuig Feidhmeannach Forbartha na nEalaíon, Údarás na Gaeltachta, Doirí Beaga, Co. Dhún na nGall. Glacfar le hiarratais go dtí Dé hAoine 10ú Márta @ 4i.n. Is féidir breis eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an eagraíocht ag m.fearraigh@udaras.ie

# SCÉIM EALAÍONTÓIRÍ I SCOILEANNA 2023

Tá Scéim Ealaíontóirí i Scoileanna oscailte anois. Is scéim de chuid Oifig Ealaíon Chomhairle Chontae na Gaillimhe í a chuireann maoiniú ar fáil d'ealaíontóirí chun oibriú i mbunscoileanna agus meánscoileanna na Gaillimhe. Is é cuspóir na scéime seo ná taithí a thabhairt do scoileanna, daltaí agus múinteoirí a bheith ag obair i gcomhar le healaíontóirí gairmiúla ar thionscadail cruthaitheacha. Is féidir níos mó eolais a fháil ag 091 509 000.

# MAIDIN CHAIFE DO THUISMITHEOIRÍ SNA FORBACHA

**Tá maidin chaife do thuismitheoirí á reáchtáil ag Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga i Scoil na bhForbacha ar an Aoine 24ú Feabhra @ 9:30r.n. Beidh na hOifigigh Pleanála Teanga i láthair chomh maith le hOifigeach Forbartha Cúige Chonnacht/Laighean le Tuismitheoirí na Gaeltachta le labhairt le na tuismitheoirí faoi na tacaíochtaí agus seirbhísí a chuireann siad ar fáil. Deis do chupán tae agus plé a bheas ann!**

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga





## Maidin chaife do thuismitheoirí

Dé hAoine 24 Feabhra
@ 9:30r.n.
i Halla Scoil na bhForbacha



Tuilleadh eolais: ocptchoisfharraige@gmail.com.

Cupán tae agus comhluadar!

**Is í an Ghaeilge teanga na hócáide seo**

Tuismitheoirí na Gaeltachta



# FOLÚNTAIS AG AN ITT

Tá folúntais ag an ITT faoi láthair. Tá an ITT sa tóir ar Leas-Bhainisteoir Cúraim Leanaí agus ar Riarthóir Airgeadais & Oifige le bheith mar bhaill dá bhfoireann. Ní mór d'iarrthóirí taithí agus cáilíocht Leibhéal 6 nó níos airde i gCúram Leanaí a bheith acu. Tá sé riachtanach go bhfuil Gaeilge de chaighdeán maith ag iarrthóirí. Don phost mar Riarthóir Airgeadais & Oifige, beidh an té a cheapfar freagrach as riaradh airgeadais agus obair oifige an ITT, faoi stiúir an Bhainisteora. Tá deiseanna lánaimseartha agus páirt-aimseartha mar oibrithe luathbhlianta ag an ITT freisin. Ní mór d'iarrthóirí cáilíocht Leibhéal 5 i gCúram Leanaí a bheith bheith acu. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh leis an ITT ag ittancranntaca@gmail.com



# OÍCHE SHÓISIALTA CLG MICHEÁL BREATHNACH

Is in Óstán Chois Fharraige sna Forbacha a bheas Oíche Shóisialta ag Cumann Micheál Breathnach ar an Aoine, 10 Márta Beidh dinnéar, chomh maith le bronnadh ar an oíche, le neart ceoil, craic agus spraoi freisin! Tá na ticéid le ceannach ar líne ar €45 an cheann.